Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2006
Cuid V111, Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - 2007

Feabhsúcháin ar Mhórlána Bus Ráth Fearnáin

Fógra Taispeána Poiblí

De bhun na gceanglas thuas, fógraítear leis seo beartas chun an scéim seo a leanas a chur ar fáil: Feabhsúcháin ar Mhórlána Bus Ráth Fearnáin ar Bhóthar na Gráinsí agus ar Bhóthar Ráth Fearnáin.

Tá an beartas seo á reachtáil i gcomhar leis an Scéim um Feabhsúcháin Mórlána Bus Ráth Fearnáin i gceantar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá an Scéim um Feabhsúcháin Mórlána Bus Ráth Fearnáin mar chuid den Líonra Mórlána Bus ag nascadh bealaí bus ó Bhóthar na Gráinsí agus ó Ascaill Gharrán Chnó ag dul i dtreo Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Seo a leanas codanna na lánaí bus a mholtar:

Isteach
- Lána bus/rothair roinnte a sholáthar trí leathnú ar an gcarrbhealach ar Bhóthar na Gráinsí idir na h-acomhail leis le Mulláin Beaufort agus le hAscaill Gharrán Chnó
- Áis chun casadh ar dheis ó Bhóthar Ráth Fearnáin isteach chuig carrchlós Chaiseáin Ráth Fearnáin a sholáthar
- Síneadh ar na lánaí bus atá ann cheana ag druidim le Bóthar na Gráinsí/ Bóthar Shruthán Liam, Bóthar na Gráinsí/Ascaill Ghort an Ime, Bóthar Ráth Fearnáin/an tSráid Mhór agus na hacomhail ag Bóthar Ráth Fearnáin agus Bóthar Pháirc na Dothra.
- An stad bus atá ann cheana ag stad freastal Texaco ar Bhóthar Ráth Fearnáin a athlonnú chuig suíomh ó thuaidh den acomhal ag an tSráid Mhór.

Amach
- Síneadh ar an **l**ána bus atá ann cheana ar Bhóthar Ráth Fearnáin ag druidim le hacomhal Ascaill Ghort an Ime
- Síneadh nua ar an gcosán agus trasrian faoi threoir soilse tráchta ag acomhal Céide Thaobh an Chaisleáin agus Bóthar Ráth Fearnáin.

  Trasrian coisithe nua faoi threoir soilse tráchta ó dheas ó acomhal.Ghleanntán an tSrutháin a sholáthar.

Tá sé d'acmhainn ag an Scéim buntáistí móra a sholáthar d'úsáideoirí iompair phoiblí ar an mbealach:
- Amanna agus iontaofacht turais bhus a fheabhsú trí spás bóthair a athdháiliú agus trí leathnú bóthair agus áiseanna Eolas do Phaisinéiri Fíor-ama a chur ar fáil.
- Áiseanna do rothaithe, do choisithe agus do dhaoine lag-ghluaiste agus ar mhíchumas a fheabhsú
- Córas rialaithe soilse tráchta a uasghrádú
- Bearta sábháilteachta a fheabhsú

Beidh pleananna agus sonraí den scéim a mholtar ar fáil le himscrúdú nó le ceannach ar luach, nach mó ná an costas is réasúnta chun cóip a dhéanamh, i rith gnáthuaireanta oibre ag:

a) **Oifigí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24** idir na huaireanta 9.00am – 5.00 pm Luan go Déardaoin agus 9.00am - 4.30 pm Aoine (**Imscrúdú agus ceannach**)
b) **Leabharlann Bhaile Uí Ruáin, Bhaile Uí Úlloird,** Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14 idir na huaireanta 9.45 am - 8.00pm, Luan go Déardaoin agus 9.45am – 4.30 Aoine agus Satharn (**Imscrúdú amháin)**
c) Is féidir breathnú ar na pleananna agus na sonraí ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas - www.sdcc.ie

Ó Dé Máirt 3 Lúnasa 2010 go dtí Dé hAoine 17 Meán Fómhair 2010
Is féidir aighneachtaí agus tuairimí ar an bhforbairt a mholtar, agus iad ag déileáil le pleanáil agus forbairt chuí an limistéir ina bhfuil an fhorbairt suite, a chur i scríbhinn roimh 4.30 pm **Dé hAoine 1 Deireadh Fómhair chuig**:

An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
An Roinn Bóithre agus Tráchta
Comhairle Contae Átha Cliath Theas
Halla an Chontae
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

R-phost: seoroads@sdublincoco.ieL
Tabhair do d'aire go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise i leith gach taifead i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas